OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Roinn na Gaeilge

# BA (Gaeilge Fheidhmeach)

## *Páirtaimseartha agus ar Bhonn Modúil*



| | |
|---|---|
| **Leibhéal an chúrsa:** | Leibhéal 8 |
| **Fad:** | 4 bliana ar bhonn páirtaimseartha |
| **Riachtanais iontrála:** | • Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Beidh grád C3 (ardleibhéal) sa Ghaeilge riachtanach. Sásaíonn sé sin gnáthriachtanais iontrála na hOllscoile.<br>• Is féidir le hiarratasóirí a bhíonn os cionn 21 bliain d'aois an 1 Eanáir den bhliain iontrála, iarratas a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí lánfhásta. Sa chás seo, ní gá go mbeadh an Ardteist riachtanach. Cuirfear iarratasóirí faoi agallamh agus bunófar an toradh ar chumas cumarsáide an iarratasóra san agallamh sin. |
| **Líon mac léinn:** | 60 |
| **Táille Bhliantúil:** | €3055 |
| **Táille in aghaidh an mhodúil (5ECTS):** | €340 *(Beidh tobhach €56 le híoc ag mic léinn a chláraíonn ar an gcúrsa seo.)* |
| **Iarratas a dhéanamh:** | **www.oegaillimh.ie/acadamh** nó **www.oegaillimh.ie/gaeilge** |
| **Tús an Chúrsa:** | Mean Fómhair 2013 |
| **Cláraigh roimh:** | 23ú Lúnasa |



# BA (Gaeilge Fheidhmeach)

## Cur síos ar an gclár

Cúrsa eisceachtúil an chéim seo sa Ghaeilge Fheidhmeach. Is é seo an t-aon chlár in Éirinn ina bhfuil céim sa Ghaeilge á tairiscint trí mheán na foghlama cumaiscthe. Is é aidhm na céime spéis an mhic léinn i saol agus léann na Gaeilge a mhúscailt agus a threisiú. Fágann modh seachadta an chúrsa go mbeidh deis ag mic léinn ar scoth an teagaisc ach nach mbeidh ualach míréasúnta taistil orthu. Tá an chéim á tairiscint ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Roinn na Gaeilge.

## Cé air a bhfuil an chéim seo dírithe?

Foghlaimeoirí lánfhásta is mó a bhainfidh tairbhe as an gcúrsa seo. Tabharfar aitheantas do mhic léinn a bhfuil teastas nó dioplóma faighte acu cheana. Cuirfear fáilte freisin roimh dhaoine a roghnaíonn tabhairt faoi mhodúil aonair. Is féidir leat cáilíocht a bhaint amach anois de réir a chéile agus de réir mar a fheileann duitse.

## Cáilíocht a bhainfear amach

Bronnfar céim (NQAI leibhéal 8) ar mhic léinn a chríochnaíonn na ceithre bliana den chúrsa (i.e. 180 ECTS). Bronnfar creidmheasanna in aghaidh an mhodúil freisin. Sásaíonn an cháilíocht seo bunchritéir na Comhairle Múinteoireachta i leith mhúineadh na Gaeilge mar ábhar ardteiste.

# Modúil an Chúrsa

### Bliain 1

| **Modúl** | **ECTS** |
|---|---|
| Cruinneas na Gaeilge 1 | 10 |
| An Prós Comhaimseartha | 5 |
| Stair na Meán Gaeilge | 5 |
| Scileanna Staidéir | 5 |
| Caitheamh Aimsire agus Siamsaíocht na nDaoine | 5 |
| An Ghaeilge i Saol na Tíre | 5 |
| Uirlisí an Aistriúcháin agus na Téarmaíochta | 5 |
| An Scríbhneoireacht Acadúil | 5 |
| **Iomlán** | **45** |

### Bliain 3

| **Modúl** | **ECTS** |
|---|---|
| Cruinneas na Gaeilge 3 | 15 |
| Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 1 | 5 |
| Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 1 | 5 |
| Teicneolaíochtaí na Meán | 5 |
| Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 2 | 5 |
| Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 2 | 5 |
| Dlí, Eiticí agus an Córas Poiblí | 5 |
| **Iomlán** | **45** |

### Bliain 2

| **Modúl** | **ECTS** |
|---|---|
| Cruinneas na Gaeilge 2 | 15 |
| Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 1 | 5 |
| Staidéar na Meán Comhaimseartha | 5 |
| Na hEalaíona Traidisiúnta | 5 |
| Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2 | 5 |
| Stair an Aistriúcháin in Éirinn | 5 |
| Forbairt Phobail | 5 |
| **Iomlán** | **45** |

### Bliain 4

| **Modúl** | **ECTS** |
|---|---|
| Cruinneas na Gaeilge 4 | 15 |
| Sa Bhaile is i gCéin: Litríocht na hImirce | 5 |
| Eagarthóireacht agus Léamh Profaí | 5 |
| An Scéalaíocht Dhigiteach agus an Iriseoireacht Ilmheáin | 5 |
| An tSochtheangeolaíocht | 5 |
| Togra taighde | 10 |
| **Iomlán** | **45** |

*D'fhéadfadh athrú teacht ar an siollabas seo nó ar liosta na modúl seo.*

## Cé mar a dhéanfar an clár a sheachadadh?

Seachadfar an clár ar bhonn páirtaimseartha thar cheithre bliana agus bainfear leas as foghlaim chumaiscthe lena tairiscint. Déanfar an clár a theagasc ar bhonn modúil. Tabharfar deis d'fhoghlaimeoirí a gclár ama agus a n-ualach oibre a chur in oiriúint dá gcúinsí maireachtála féin. Cuirfear ábhar na modúl ar fáil ar líne go seachtainiúil. Tabharfaidh na teagascóirí tacaíocht agus aiseolas ag ceardlanna míosúla ar champas na hOllscoile. Tabharfaidh siad tacaíocht agus aiseolas ar líne trí úsáid a bhaint as ríomhphost agus fóraim phlé freisin. Sa chéad agus sa dara bliain den chéim seachadfar na ranganna **teanga** in ionaid de chuid na hOllscoile agus in ionaid áirithe eile ar fud na tíre ag brath ar éileamh.

## Cuimseoidh siollabas an chláir:

- Ceartúsáid na teanga
- Cúrsaí litríochta
- Béaloideas agus stair chultúrtha
- Gnéithe den aistriúchán agus den iriseoireacht

## An Córas Measúnachta

Caithfidh mic léinn a bheith páirteach i ndíospóireachtaí agus fóraim phlé ar líne i rith na bliana acadúla. Measúnófar na modúil uile ar bhonn aonarach. De ghnáth bunófar na measúnuithe seo ar imeachtaí i rith an mhodúil chomh maith le haiste nó togra scríofa ag deireadh an tseimeastair.

## Deiseanna Fostaíochta i réimse na Gaeilge

Bíonn éileamh ar chéimithe le Gaeilge Fheidhmeach sna réimsí seo:

- Aistriúchán
- Na meáin chumarsáide – TG4, Raidió na Gaeltachta
- Eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta
- Margaíocht agus cumarsáid
- An earnáil oideachais
- An Státseirbhís agus údaráis áitiúla
- An earnáil phobail agus ghnó

## Lacáiste Cánach

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoiseamh cánach do tháillí teagaisc ar an gcúrsa seo. Tuilleadh eolais le fáil ar http://www.revenue.ie/ga/tax/it/leaflets/it31.html



*Bainim chuile shásamh as an BA páirtaimseartha seo i ngeall ar a sholúbtha is atá sé. Tugann sé deis dom céim a bhaint amach agus mé ag obair go lánaimseartha chomh maith le bheith ag tabhairt aire do chlann. Tá an t-ábhar ar fad ar fáil ar líne agus tá na teagascóirí an-chabhrach ar chuile bhealach. Ní bhíonn aon bhrú orm ós rud é gur cúrsa páirtaimseartha atá ann agus bíonn deis agam dul ag staidéar i mo chuid ama féin. Tá na modúil fíorshuimiúil agus tá cairde nua déanta agam. Mholfainn do dhaoine tabhairt faoin gcúrsa seo. — Jo Ní Chéide*



## Tuilleadh eolais:

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**
**T** +353 91 493802
**R** eamon.ocofaigh@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

**Roinn na Gaeilge**
**T** +353 91 492564
**R** fiona.depaor@nuigalway.ie
www.oegaillimh.ie/gaeilge